Lena chois sin, leasaigh Acht um Thacaíocht Tithe Banaltranaís, 2009 an tOrdú Bunaíochta chun an críoch breise seo a leanas a chur san áireamh:

5. Socruithe a dhéanamh le duine is dóigh leis is cuí, ar dílseánach tí banaltranaís é nó í, maidir leis an bpraghas ar a soláthróidh an duine sin seirbhísí cúraim cónaithe fhadtéarmaigh do dhaoine a bhfuil gá acu le seirbhísí den sórt sin agus atá ag fáil tacaíochta airgeadais faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranaís 2009;

2.2 Ráiteas Misin agus Luachanna Corparáideacha

Is é Misean CNCC soláthraithe agus maoinitheoirí seirbhís sláinte poiblí a chumhachtú, agus luach a chur leis ar an tslí sin:

1. Dearbhú agus fíorú neamhspleách ar fhaisnéis agus ar phróisis a bhaineann le liostaí feithimh le haghaidh cóireáil othar, agus;
2. Caibidlíocht speisialaithe maidir le pragsanna agus tacaíocht do thionscnamh ceannaigh nuair atá seirbhísí sláinte á bhfoinsiú

Tá na luachanna corparáideacha seo a leanas mar bhonn le hobair CNCC:

Barr feabhais:

Táimid tiomanta do sheirbhísí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar, seirbhísí atá nuálach agus comhtháite agus táimid mórtasach as na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn. Cinnteoidimid go bhfuil na réitigh atá á soláthar againn inbhuanaithe i seirbhís sláinte atá ag forbairt;

Comhpháirtíocht, Ionracas & Meas:

Déanfaimid tréaniarracht i gcónaí oibriú i gcomhpháirt lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear othair, baill foirne, an Rialtas agus soláthraithe cúraim sláinte i spiorad an chomhairliúcháin, an chomhoibrithe agus an ionracais laistigh de chultúr cóimheasa chun luach a chur lenár gcóras sláinte poiblí;

Neamhspleáchas, Cuntasacht & Freagracht:

Trí cheannaireacht láidir chomhsheasmhach, cinnteoidimid go mbeimid ag feidhmiú go neamhspleách mar ghníomhaireacht reachtúil agus go bhfuilimid cuntasach agus freagrach as na cinntí a dhéanaimid.

3. Rialachas agus Bainistíocht

3.1 Ár mBord

Ghlac CNCC le réim rialachais chorparáidigh de réir dea-chleachtas agus chun a fheidhmeanna a chur i gcrích gan dochar alt 52 d'Acht Sláinte, 1970, mar atá sonraithe san Ionstraim Reachtúil nó mar atá ordaithe ag an Aire faoi 4 (d) den Ionstraim Reachtúil sin.

Comhaltaí an Bhoird



John Horan (Cathaoirleach)

Ceapadh John Horan mar Chathaoirleach ar CNCC in 2010, agus roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar stiúrthóir agus Cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta.

Roimhe seo bhí ról éagsúla aige i nGrúpa Aer Lingus le breis is 23 bliain agus chaith sé seacht mbliana ag obair mar Phríomhfheidhmeannach Chónaidhm Óstáin na hÉireann agus deich mbliana ag obair mar Phríomhfheidhmeannach Thréidliacht Éireann. Anois is Comhalta Oinigh d'Eagraíocht Náisiúnta Ghairm na Tréidliachta é. Tá blianta fada caite aige i mbun ionadaíochta ar na hearnálacha seo ag leibhéal Comhairle agus Boird in eagraíochtaí Náisiúnta agus Eorpacha éagsúla.

Is comhalta é de Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann. Chomh maith leis sin, is comhalta é den Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus de Choiste Cliantghearán Dhlí-Chumann na hÉireann. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Máistir Eolaíochta sa Chleachtas Bainistíochta – MSc (Bainist.) air.



Patricia Byron

Is céimí de chuid UCD í Patricia, Árachóir Cairte agus an chéad Uachtarán bainean ar an Institiúid Árachais. Tá blianta fada caite ag Patricia Byron ag obair mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil Árachais agus seirbhísí gaolmhara airgeadais. Ba í Patricia an chéad POF a ceapadh ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB), comhlacht Stáit neamhspleách, a bunaíodh in 2004 chun timpeallacht chostasach éileamh díobhálacha pearsanta a athchóiriú. Le linn di a bheith ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Bhiúró Mótair-Árachóirí na hÉireann, threoraigh sí clár athchóirithe, a bhí dírithe ar chlaochlú agus ar éifeachtacht gnó.

Le linn di a bheith ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Chumann Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Stáit, ghlac sí páirt ghníomhach i roinnt tionscnamh leathana a bhí dírithe ar athchóiriú na hearnála poiblí. Ó d'fhág sí PIAB in 2015, threoraigh sí clár um Athbheithniú Straitéiseach ag Suirbhéirí Cairte na hÉireann. I láthair na huaire, tá sí ag obair le Coimisiún an Bhainc Ceannais mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus ComReg.



Bernadette Costello

Is Comhalta d'Institiúid Cúntasóirí Cairte na hÉireann í Bernadette Costello mar aon le Stiúrthóir um Iniúchadh Inmheánach & Bainistíocht Riosca, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá neart taithí aici ar chuntasaíocht airgeadais agus bainistíochta, iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, rialachas corparáideach agus réimsí gaolmhara.

Bhí sí ina comhalta de Chomhairle Cúntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta Chuntasóirí Cairte na hÉireann, an coiste um Nascadh le Comhaltaí agus Coiste na hEarnála Poiblí.

Chomh maith leis sin, is comhalta agus iar-Chathaoirleach Bhord Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann í, agus an Bord Oideachais agus Scrúduithe. Is comhalta í de Choiste um Dhearbhu Cáilíochta agus Riosca na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tulsa) agus Coiste Iniúchta Ghrúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta. Bhronn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Céim Baitsiléara sa Tráchtáil agus Ard-Diplóma san Oideachas uirthi.



Patrick Gibbons

Tá Patrick Gibbons ag feidhmiú mar chomhalta Boird CNCC agus comhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca ó ceapadh é den chéad uair in 2014.

Is Aturnae é Patrick, agus is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách lánaimseartha é atá ag feidhmiú ar bhoird a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais, an earnáil Stáit agus comhlacht trasteorann, lena n-áirítear roinnt Coistí Iniúchta & Riosca.

Roimhe sin, chaith Patrick formhór a chuid ama ag díriú ar chomhlíontacht dlí agus rialála, rialachas corparáideach agus bainistíocht riosca nuair a bhí ról shinsearacha aige i roinnt cuideachtaí móra idirnáisiúnta seirbhísí airgeadais.



James Melly

Is Sainchomhairleoir Bainistíochta é James Melly atá ag díriú ar Chultúr agus Athrú Eagraíochta agus tá taithí aige ar a bheith ag obair in go leor earnálacha agus eagraíochtaí gnó lena n-áirítear gníomhaireachtaí Seirbhíse Sláinte.

Chaith sé tamall ag obair mar Fheidhmeannach Sinsearach in Aer Lingus áit a raibh sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir ar Ghrúpchuideachta agus POF ar fhochuideachta. Ceapadh é mar cheannasaí ar fheidhm Bainistíochta Pearsanra Ghrúpa Aer Lingus agus threoraigh sé cláir athraithe suntasacha le linn dó a bheith i mbun an róil sin.



Dr. Terry McWade (Chairman of the Audit and Risk Committee)

Ceapadh an Dr Terry McWade mar POF ar Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann i Lúnasa 2019. Chomh maith leis sin, tá sé ag feidhmiú mar POF Valitacell, cuideachta luathchéime biteicneolaíochta, cuideachta a chomhbhunaigh sé. Roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Leas-POF ar Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, POF Exceptis Technologies, Príomhaí i ngrúpa comhairleach Bhostúin (Londain), agus POF ar Shaotharlanna Servier (an Danmhairg).

Tá sé ceaptha mar Stiúrthóir ar an Institiúid Baincéireachta agus is lar-Stiúrthóir ar Chumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann é. Roimhe seo bhí sé ag feidhmiú mar Leaschathaoirleach ar Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath agus Cathaoirleach ar Thionscnamh Vacsaíní na hEorpa. Is comhalta é den Choiste Iníúchta agus de Choiste um Chleachtas Leanúnach Chomhairle na nDochtúirí Leighis, mar aon le comhalta de Bhord Ospís agus Seirbhísí Cúraim Ospidéal Mhuire.

Rinne sé staidéar ar an leigheas i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá MBA (INSEAD), MSC (Eitic agus Dlí Cúraim Sláinte), agus Dioplóma sa Rialachas Corparáideach (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) bronnta air. Is Stiúrthóir Cairte IOD é.



Brendan O'Donoghue

Roimhe seo bhí Brendan O'Donoghue ag feidhmiú mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig idir 1999 agus 2007, agus roimhe sin chaith sé 21 bliain ag obair le Grúpa Tedcastle.

I measc na ról a bhí aige bhí Grúpstiúrthóir Airgeadais agus Grúpoifigeach Oibríochtaí ina dhiaidh sin. Is Stiúrthóir Cairte IOD é, agus bhain sé a cháilíocht amach in 2011. Is cuntasóir é (FCCA atá ar scor anois).



Dr Jack Nagle

I ndiaidh breis is 15 bliain a chaitheamh ag obair thar lear i mbun ról sinsearach éagsúil, d'fhill an Dr Jack Nagle ar Éirinn áit ar oibrigh sé mar Stiúrthóir Oibríochtaí & Innealtóireachta do Boston Scientific ar feadh 6 mbliana. In 2004, bhunaigh sé agus thosaigh sé ag feidhmiú mar POF ar Alpha Healthcare, cuideachta Éireannach atá dírithe ar chomhairleoireacht bainistíochta gnó, bainistíocht athruithe, córais bhainistíochta ar ardchaighdeán, tacaíocht tagarmharcála agus seirbhísí oiliúna a chur ar fáil don Earnáil Sláinte. Bhunaigh sé Alpha Primary Care in 2007 chun na seirbhísí céanna a chur ar fáil do mhargadh na Ríochta Aontaithe. Tá spéis ar leith aige i dteicnící Bainistíochta ar Ardchaighdeán agus LEAN a chur i bhfeidhm san earnáil sláinte.

Bhronn Ollscoil Cranfield MBA air agus bhronn Ollscoil Cardiff PhD air.



Anne Stewart

Ceapadh Anne Stewart ar bhord CNCC in Iúil 2017.

I láthair na huairé tá Anne ag obair mar Stiúrthóir Soláthair in Uisce Éireann agus tá 30 bliain caite aici ag obair i réimse an tSoláthair i dtionscail éagsúla ag leibhéal Domhanda agus Áitiúil.

Bhronn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath cáilíocht Soláthair ar Anne agus is comhalta í d'Fhoras na hÉireann um Cheannacht agus Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair.

4. Cuspóirí Straitéiseacha agus Gnóthachtálacha

4.1 Cuspóirí Straitéiseacha

Ar an 17 Eanáir 2017, sheol Simon Harris, an tAire Sláinte **“Plean Straitéise agus Gnímh, Ag tacú le feabhas feidhmíochta chun othair a chóireáil níos tapúla, 2017 – 2019”** CNCC. Is iad ár gCuspóirí Straitéiseacha atá mar bhonn leis an méid nach mór a chur i gcrích lena chinntiú go bhfuil ár Rún Straitéiseach trí chéile á sheachadadh. Tá úinéir feidhmiúcháin luaite le gach cuspóir straitéiseach thíos mar aon le gníomhartha, torthaí, fachtóirí criticiúla ratha, amlíní cur i bhfeidhm agus Príomhtháscairí feidhmíochta sonraithe.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

Caibidlíocht a dhéanamh ar chomhaontuithe praghsála agus cúram ar ardchaighdeán a cheannach ó sholáthraithe thar ceann an Stáit.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

A chinntiú gur ann do mhargadh inbhuanaithe agus cóir do Chúram Cónaithe Fadtéarmach le dóthain Acmhainne chun freastal ar riachtanais na ndaoine a dteastaíonn a leithéid seo de chúram uathu.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

Faisnéis deimhnithe ar ardchaighdeán maidir le liostaí feithimh do sheirbhísí sláinte poiblí a fhoilsiú agus a roinnt.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

Uirlis feabhais feidhmíochta a fhorbairt do bhainistíocht oibríochtúil conairí cóireála othar sa gcóras sláinte poiblí.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

Saineolas comhairleach a chur ar fáil don tseirbhís sláinte poiblí i ndáil le conairí cóireála othar.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

A chinntiú go bhfuil bonneagar rialachais agus oibríochtúil CNCC oiriúnach dá chuspóir chomh fada is a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh agus a chur in iúl.

Tá breis eolais maidir leis na Cuspóirí Straitéiseacha le fáil ar http://www.ntpf.ie/home/pdf/strategy_action_plan.pdf

4.2 Achoimre ar Ghnóthachtálacha ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018

<ul style="list-style-type: none">Cóireáil eagraithe le haghaidh 21,917 othar a bhí ag feitheamh le haghaidh máinliachta nó gnáthaimh	<ul style="list-style-type: none">Ceardlann Náisiúnta Othar Cónaitheach / Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte	<ul style="list-style-type: none">Chabhraigh sé seo le laghdú 31% ar líon na n-othar atá ar liostaí feithimh Gníomhach na nOthar Cónaitheach / Cás Lae le haghaidh breis is trí mhí ón mbuaicphointe de 58,041 i Meitheamh 2017 go dtí 40,231 i Nollaig 2018
<ul style="list-style-type: none">Scóip GS eagraithe le haghaidh 4,146 othar	<ul style="list-style-type: none">434 teach baltranais le conarthaí praghsála	
<ul style="list-style-type: none">40 milliún taifead othair próiseáilte le haghaidh foilsíú tuarascálacha maidir le liostaí feithimh agus cóireáil othar	<ul style="list-style-type: none">Beagnach 17,000 tuarascáil eisithe chuig páirtithe leasmhara	<ul style="list-style-type: none">93% de phleananna gníomhaíochta seachadta le haghaidh Iniúchtaí 2014 – 2016
<ul style="list-style-type: none">Bunaíodh an tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta	<ul style="list-style-type: none">Dearadh agus sonrúchán an Chórais Bainistíochta Rochtana Othair (CBRO) nua	<ul style="list-style-type: none">9 nIniúchadh Speisialta Bhreise 2018
<ul style="list-style-type: none">Clár Oiliúna agus Forbartha OCCLGP 2018	<ul style="list-style-type: none">Glacadh le straitéis níl	<ul style="list-style-type: none">30 feachtas earcaíochta rathúil
<ul style="list-style-type: none">Próiseas tosaíochta cliniciúil nua d'Othair Chónaitheacha / Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte		

5. Gníomhaíochtaí de réir na Stiúrthóireachta



Liz Lottering, An Stiúrthóir um Iniúchadh, Dearbhú Cáilíochta agus Taighde Rúnaí an Bhoird

5.1 An Stiúrthóireacht um Iniúchadh, Dearbhú Cáilíochta agus Rúnaíocht an Bhoird

Réamhrá

Tá baint ag an Stiúrthóireacht seo le trí réimse shuntasacha laistigh de CNCC:

- Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC)
- Taighde
- Rúnaíocht an Bhoird

Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC)

Bhunaigh CNCC an fheidhm Iniúchta agus Dearbhaithe Cáilíochta in 2014, i gcomhar le Stiúrthóir Náisiúnta Ospidéal Ghéarmhíochaine FSS. Is é cuspóir na feidhme iniúchadh agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar thuairisceáin faisnéise liostaí feithimh a chuirtear ar fáil do CNCC, trí chomhlíonadh le tacair sonraí íosta agus prótacail náisiúnta bainistíochta liostaí feithimh a thástáil.

Deartar cláir le haghaidh iniúchta gach bliain i ndiaidh scanadh scóipe agus rátáil riosca. In 2018, bhí gníomhaíochtaí fhoireann IDC dírithe ar thrí phríomhréimse:

a) Obair Leantach ar Chlár Náisiúnta Athbhreithnithe Iniúchta agus Dearbhaithe Cáilíochta Cúraim Sceidealaithe 2014 – 2016

Ba é an aidhm a bhí leis an iniúchadh seo athbhreithniú a dhéanamh ar an méid seo:

1. Bhí ospidéal ag cur faisnéis othair iomlán, bheacht, bhailíochtaithe ar fáil le haghaidh liostaí feithimh othar cónaitheach agus othar seachtrach;
2. Bhí príomhchleachtais inmheánacha bainistíochta curtha i bhfeidhm ag ospidéal chun éileamh, acmhainn agus táirgiúlacht a bhainistiú chun rochtain chothrom a chinntiú d'othair ar liostaí feithimh othar cónaitheach agus othar seachtrach.

Eisíodh tuarascáil deiridh chuig na Grúpaí Ospidéal agus páirtithe leasmhara maidir leis na gníomhartha ceartaitheacha a rinneadh i ndiaidh an iniúchta seo. Tugadh le fios sa tuarascáil seo go raibh 93% (685) de mhíreanna gníomhaíochta ceartaitheacha réitithe faoin gclár seo in 42 ospidéal.

Úsáideadh torthaí agus anailís an iniúchta seo mar bhonn le forbairt Phrótacal Náisiúnta d'Othair Chónaitheacha, Cásanna Lae agus Gnáthaimh Phleanáilte (2017) chun dul i ngleic leis na téamaí aitheanta in ospidéal éagsúla san iniúchadh seo.

b) Iniúchadh Speisialta 2018

Ag deireadh 2017, d'iarr an Roinn Sláinte go foirmiúil ar CNCC síneadh a chur le hIniúchadh Speisialta 2017 chun ospidéal ghéarchúraim phoiblí eile a chur san áireamh in 2018. Aontaíodh an plean in Eanáir 2018 chun iniúchadh a dhéanamh ar 10 n-ospidéal bhreise in Éirinn. Chiallódh na 10 n-ospidéal bhreise seo i dteannta leis na cúig ospidéal críochnaithe in 2017 go mbeadh an clúdach do liosta na nOthar Cónaitheach, Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte cothrom le 70%.

Seo a leanas cuspóirí an iniúchta:

- Dearbhú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar don Aire agus don Roinn Sláinte go bhfuil caighdeán agus beachtas na sonraí atá curtha ar fáil ag teacht leis an treoir fosta náisiúnta maidir le tacar sonraí agus leis na prótacail náisiúnta bainistíochta liostaí feithimh
- Dearbhú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar don Aire agus don Roinn Sláinte go bhfuil ag éirí leis na hospidéal a bhfuil iniúchadh déanta orthu a liosta feithimh/gnáthamh pleanáilte a bhainistiú go héifeachtach ag teacht leis na prótacail náisiúnta, agus
- Torthaí agus moltaí breise maidir le cleachtais bhainistíochta liostaí feithimh in ospidéal phoiblí a bheidh iniúchta faoi dheireadh 2018 a thuairisciú go foirmiúil don Aire agus don Roinn Sláinte

Cuireadh naoi dtuarascáil i gcrích faoi dheireadh Nollag 2018 agus eisíodh tuarascáil deiridh chuig an Aire Sláinte in 2019.

c) Clár Leathnaithe na Meastóireachta Staitistiúla ar Mhírialtachtaí (MSM)

Cé go bhfuil boird agus foirne bainistíochta ospidéal aonair freagrach as beachtas agus ionracas shonraí na n-othar a chuirtear ar fáil, tá teicnící mianadóireachta sonraí bunaithe ag CNCC chun mírialtachtaí staitistiúla/aimhrialtachtaí sna sonraí a chuirtear ar fáil le foilsiú a aithint, a scrúdú, a mheas agus a imscrúdú.

D'aithin roinnt de na MSManna aitheanta sa chéad leath de 2018 go raibh gá leis an bpróiseas reatha a leathnú go dtí bonn seachtainiúil agus scrúduithe carnacha, atá le bainistiú ag an Stiúrthóireacht TFC agus ag an Stiúrthóireacht um Iniúchadh, Dearbhú Cálíochta agus Taighde. Is é an cuspóir atá le clár MSM creat eagraíochtúil a bhunú chun aithint, scrúdú, meastóireacht agus imscrúdú MSM a éascú le haghaidh tarluithe aonair agus anailís charnach treochtaí ar na sonraí a sholáthraíonn na hospidéal.

Taighde

Choimisiúnaigh CNCC tionscadal taighde neamhspleách le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar thuairisciú dea-chleachtais liostaí feithimh i.e. leantar le hOthair Chónaitheacha, Cásanna Lae, Gnáthaimh Phleanáilte agus Othair Sheachtracha in 2018.

I dteannta le bheith ag obair le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar an taighde seo, rinne an fheidhm taighde roinnt léirmheasanna litríochta a bheidh mar bhonn le tionscadail forbartha in CNCC amach anseo.

Chomh maith leis sin, cúis áthais do Liz Lottering gur tugadh cuireadh di seimineár gréasáin a reáchtáil le haghaidh MRII (Forbairt agus Líonrú Gairmiúil d'Ionadaithe an Tionscail Cúraim Sláinte) ar an 22 Samhain 2018.

Rúnaíocht an Bhoird

Tá Rúnaíocht an Bhoird freagrach as bainistíocht riaracháin pháipéir an bhoird, féinmheastóireacht an bhoird, nochtuithe bliantúla don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, clárlainne nochtta, oiliúint agus forbairt an Bhoird, tuairisceáin chomhlíontachta an Bhoird don Roinn Sláinte, agus polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialachas an Bhoird.

D'fhorbair an Rúnaíocht Cód Rialachais, Polasaí agus Nósanna Imeachta nua do CNCC in 2018 atá le fáil ag www.ntpf.ie.

Conclúid

Is mian leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann buíochas a ghabháil lena gcomhghleacaithe sna hospidéal, grúpaí ospidéal, FSS agus an Roinn Sláinte as oibriú go leanúnach leis an bhfeidhm iniúchta i rith 2018.



Seán Flood,
An Stiúthóir Airgeadais

5.2 An Stiúthóireacht Airgeadais agus Scéim Tacaíochta do Thithe Banaltranaís (Insert picture of Seán Flood)

Réamhrá

Tá an Stiúthóireacht Airgeadais freagrach as maoirseacht agus dearbhú a bhainistiú agus a sholáthar don POF agus do Bhord CNCC chomh fada is a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais CNCC agus gach gníomhaíocht a bhaineann le bainistíocht na feidhme airgeadais laistigh de CNCC.

Bainistíonn an Stiúthóireacht an fheidhm CNCC faoin Scéim Fair Deal, a áirítear ann socruithe a dhéanamh le Tithe Banaltranaís (434 ar fad) maidir leis an bpraghas ag a sholáthrófar seirbhísí cúraim chónaithe fadtéarmach faoin scéim.

Chomh maith leis sin, bainistíonn an Stiúthóireacht Airgeadais feidhm Choimisiúnaithe CNCC a áirítear inti cóireáil a sholáthar do dhaoine atá ar liostaí feithimh poiblí agus an próiseas a bhaineann le cóireáil a eagrú a bhainistiú.

Ceapadh Stiúthóir Airgeadais nua in Eanáir 2018.

In 2018, leithdháileadh maoiniú de €50m ar CNCC le dul i ngleic le liostaí feithimh. Leis an maoiniú seo, d'fhorbair FSS agus CNCC plan, a áiríodh ann na spriocanna seo a leanas:

1. Ba cheart 20,000 othar a bhaint den liosta feithimh Gníomhach OCCLGP, trí ghlacadh le tairiscintí cóireála atá á maoiniú trí CNCC.
2. Ba cheart 4,000 de na hothair is faide atá ag feitheamh a bhaint den liosta feithimh Scóip GS, trí ghlacadh le tairiscintí cóireála atá á maoiniú trí CNCC.

Measadh go mbeadh sé seo mar bhonn le líon iomlán na n-othar ar liosta feitheamh gníomhach na nOthar Cónaitheach/Cásanna Lae ag deireadh mhí na Nollag a laghdú 10,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Cuireadh gach ceann de na spriocanna seo i gcrích. Go sonrach;


1. Baineadh 21,917 duine den liosta feithimh Gníomhach OCCLGP mar thoradh ar ghlacadh le tairiscintí cóireála atá á maoiniú trí CNCC.
2. Mar thoradh ar Thionscnamh Scóipeanna CNCC, baineadh 4,146 othar de liosta feithimh na Scóipeanna GS.

Bhí líon iomlán na n-othar ag feitheamh ar liosta feitheamh gníomhach na nOthar Cónaitheach/Cásanna lae ag deireadh mhí na Nollaig (70,204) ag teacht leis an sprioc chomh maith.

Déantar achoimre sa tábla seo a leanas ar ghníomhaíocht an liosta feithimh (níl scóipeanna san áireamh).

Liosta feithimh gníomhach OCCLGP 2017 & 2018 (níl scóipeanna GS san áireamh):

Tábla 4



Is léir gur tugadh tionchar ghníomhaíocht CNCC ar an liosta feithimh faoi deara i samhradh 2017 nuair a athbhunaíodh feidhm choimisiúnaithe CNCC. Laghdaigh an líon iomlán ar an liosta feithimh 4,643 (-5.4%) idir Iúil agus Nollaig 2017, agus tugadh laghdú breise de 11,264 (-14%) faoi deara in 2018.

Gnáthaimh Socraithe

Áirítear i bhfeidhm Choimisiúnaithe CNCC cóireáil a sholáthar do dhaoine atá ar liosta feithimh poiblí agus an próiseas a bhaineann le cóireáil a eagrú a bhainistiú. Cuireadh cóireáil atá á mhaoiniú trí CNCC ar fáil in 18 n-ospidéal príobháideacha agus in 39 ospidéal poiblí ar fud oileán na hÉireann. Ar an iomlán, mar thoradh ar ghníomhaíocht CNCC in 2018 eagraíodh breis is 100 cineál gnáthaimh leighis. Tá achoimre ar an líon is mó gnáthamh údaraithe agus cóireáil ghlactha sonraithe anseo.

Tábla 2: Achoimre ar ghnáthaimh údaraithe 2018

Gnáthamh	Líon na dTairiscintí Glactha
Catarachtaí	7,635
Scóipeanna GS	4,146
Cisteascópachtaí	2,761
Ailt	1,565
Féitheacha Borrtha	1,397
Angagraim	1,334
Céislíní	1,280
Loit	1,207
Aosach Eile	4,738
Iomlán	26,063

Tograí d'Othair Sheachtracha

Don bhliain 2018, fuair CNCC maoiniú tosaigh d'othair sheachtracha agus d'eagraigh CNCC comhairliúcháin le haghaidh 5,346 othar ar liosta feithimh na n-othar seachtrach.

An Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranais

Is é an ról atá ag CNCC chun tacú leis an Scéim seo caibidlíocht a dhéanamh agus comhaontú maidir le praghsanna uasta d'úinéirí tithe banaltranais príobháideacha agus deonacha. Sonraítear in Alt 40 d'Acht um Thacaíocht Tithe Banaltranais 2009:

“Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, le fógra i scríbhinn, duine a ainmniú chun caibidlíocht a dhéanamh le daoine a sheolann gnó tí banaltranais chun teacht ar chomhaontú dá dtagraítear i mír (a)(ii) nó (b)(ii) den mhíniú ar “teach banaltranais ceadaithe”.

In Alt 40 agus Alt 41 den Acht um Thacaíocht Tithe Banaltranais ainmníodh CNCC mar an duine corparáideach sin. Ina theannta sin, áirítear san Acht foráil a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais tithe banaltranais rannpháirteacha:

“Féadfaidh an Bord, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna taifid agus cuntais de chuid tí banaltranais cheadaithe, nó de chuid tí banaltranais a mbeartaíonn a dhílseánach socruithe a dhéanamh faoin scéim.”

Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara go bhfuil an ról teoranta do chaibidlíocht a dhéanamh maidir le praghsanna le dílseánaigh tithe banaltranais príobháideacha agus poiblí. Is é FSS atá freagrach as riaradh na scéime, costais tithe banaltranais phoiblí, próiseáil iarratas agus bainistíocht ghinearálta an chiste Fair Deal.

Tá sé tábhachtach go dtugtar faoi deara go bhfuil an ról teoranta do chaibidlíocht a dhéanamh maidir le praghsanna le dílseánaigh tithe banaltranaís príobháideacha agus poiblí. Is é FSS atá freagrach as riaradh na scéime, costais tithe banaltranaís phoiblí, próiseáil iarratas agus bainistíocht ghinearálta an chiste Fair Deal.

Tugtar gealltanais i scríbhinn maidir le socrúithe praghsála le tithe banaltranaís príobháideacha, ar mian leo a bheith páirteach sa Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranaís, i nGníomhas Comhaontaithe idir CNCC agus dílseánach/dílseánaigh an tí bhanaltranaís. I measc rudaí eile, sonraí an méid seo a leanas sa chomhaontú:

- Sainmhíniú ar chúram cónaithe fadtéarmach;
- Freagrachtaí na bpáirtithe conarthacha (dílseánach an tí bhanaltranaís agus CNCC);
- An praghas uasta comhaontaithe.

Breithníonn CNCC tograí praghsála tithe banaltranaís príobháideacha agus deonacha faoi cheithre cheannteideal (níl siad in ord tosaíochta):

- Costais tabhaithe go réasúnach agus go stuama ag an teach banaltranaís agus fianaise ar luach ar airgead;
- Praghas/praghsanna athraithe roimhe seo;
- An margadhphraghas áitiúil; agus
- Srianta buiséid agus an oibleagáid atá ar an Stát úsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil ar an mbealach is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Caibidlíocht le gach teach banaltranaís (seachas comhchaibidlíocht le comhlacht ionadaíoch). Go hiondúil, bíonn sraith teagmhálacha agus cruinnithe aghaidh ar aghaidh le gach dílseánach i gceist.

Ag deireadh 2018, bhí conarthaí praghsála ag 434 teach le CNCC agus bhí an meánphraghas náisiúnta a bhí comhaontaithe leis na tithe banaltranaís cothrom le €967 sa tseachtain. Ba ionann é seo agus méadú de 2.7% ar an bhfigiúr coibhéiseach do dheireadh 2017, a bhí cothrom le €942 do 431 teach.

In 2019, leanfaidh CNCC lena chinntiú go bhfaigheann an cáinócóir luach ar airgead agus go dtéann an ciste atá ar fáil le haghaidh Fair Deal chun tairbhe na ndaoine a mheastar a dteastaíonn cúram cónaithe fadtéarmach uathu.

Mar a moladh i dtuarascáil 2015 na Roinne Sláinte faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranaís, i rith 2018 lean CNCC ag obair ar a bhreithniú a dhéanamh ar a ról faoin scéim, d'fhonn Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire in 2019.

Is mian linn aitheantas a thabhairt don ghairmiúlacht agus don chúirtéis a léirigh dílseánaigh tithe banaltranaís a d'oibrigh lenár n-ionadaithe i rith na caibidlíochta praghsála agus táimid ag súil le bheith ag obair leo arís in 2019.



*Eamonn Horgan,
Stiúrthóir na Seirbhísí
Corparáideacha*

5.3 Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha

Tá feidhmeanna ag Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha laistigh de CNCC a bhaineann le hacmhainní daonna, rialachas corparáideach agus réimsí oibriúcháin eile.

Áirítear i measc na bpríomhghníomhaíochtaí:

Acmhainní Daonna

- Soláthar seirbhísí AD
- Forbairt eagraíochta
- Forbairt gairme, bainistíocht tallainne agus foghlaim agus forbairt
- Cumarsáid & comhairliúchán
- Bainistíocht pinsean

Rialachas Corparáideach

- Soláthar corparáideach agus polasaithe agus nósanna imeachta soláthair
- Bainistíocht conarthaí
- Bainistíocht riosca

Réimsí oibriúcháin eile

- Sláinte agus sábháilteacht
- Cumarsáid
- Saoraí Faisnéise
- Cosaint Sonraí
- Bainistíocht saoráidí
- Bainistíocht taifead

Tacaíonn agus soláthraíonn Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha eolas don obair a dhéanann CNCC trí straitéisí a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chothaíonn agus a chumasaíonn feidhmíocht comhaltaí foirne cumasacha agus tiomanta. Anuas air sin, cinntíonn Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha go bhfuil an timpeallacht oibre oiriúnach agus go bhfuil oifigí, áiseanna agus trealamh oiriúnach ar fáil. Chomh maith leis sin, tugann an Stiúrthóireacht breis tacaíochta d'fhoireann CNCC trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta cuí, sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus a chinntiú go mbíonn luach ar airgead mar thoradh ar chaiteachas.

Rialachas Corparáideach

Tá an Cód Cleachtais do Rialachas an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála bunaithe ar an “gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú” nuashonraithe a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2009. D’fhoilsigh an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an “Cód nua”) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016.

Eitic in Oifigí Poiblí

Tá CNCC san áireamh in Ionstraim Reachtúil Uimh. 672 de 2005 chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí. Is ceapacháin forordaithe iad Comhaltaí Bhord CNCC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ceapacháin fostaíochta eile forordaithe ag rialachán 5 d’Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 faoi na hAchtanna agus tá a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht seo comhlíonta acu.

Bainistíocht Riosca

Le linn do CNCC a ról agus feidhmeanna a chur i gcrích, nochtáítear é d’éagsúlacht rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. D’fhéadfadh na rioscaí seo eascairt as foinsí inmheánacha nó seachtracha, nó d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht thromchúiseach acu ar chumas CNCC a chuspóirí a chomhlíonadh.

De réir “Treoir Bainistíochta Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais”, eisithe ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe (2016) agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), tá breithniú déanta ag CNCC agus tá baol riosca na heagraíochta bunaithe aige, agus tá polasaithe forbartha chun na rioscaí a bheidh os a chomhair a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Cuireann bainistíocht éifeachtach riosca ar chumas CNCC a bhainistíocht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais a bhainistiú.

Áirítear Bainistíocht Riosca laistigh de Théarma Tagartha an Choiste Iniúchta agus Riosca agus tá an Coiste freagrach go díreach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Is mír sheasta ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird agus an Choiste Iniúchta agus Riosca é bainistíocht riosca.

Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminteacha

Tá CNCC ag leanúint le hoibleagáidí a chomhlíonadh a bhaineann le freagairt d’iarratais Saorála Faisnéise agus faisnéis a chur ar fáil maidir le ceisteanna parlaiminteacha. Tháinig CNCC laistigh de raon feidhme an Achta um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe), Rialacháin 2006, atá éifeachtach ón 31 Bealtaine 2006. Tá CNCC fós laistigh de raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise i ndiaidh achtú Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Le cois iarratas a dhéanamh faoi Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 a phróiseáil nuair a fhaightear iad, d’fhoilsigh CNCC Lámhleabhar Saorála Faisnéise chun iarratasóirí a threorú tríd an bpróiseas Saorála Faisnéise agus conas iarratas a chur chuig CNCC.

Fuair an tÚdarás 34 iarratas Saorála Faisnéise i rith 2018 (22 iarratas in 2017) agus sholáthair sé faisnéis le haghaidh 106 ceist pharlaiminteach in 2018, (171 iarratas in 2017).

Ídiú Fuinnimh

Tá sprioc socraithe ag an Rialtas don earnáil phoiblí - coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh de 33% a bhaint amach faoi 2020, atá cothrom le 3,240 GWh. Is ionann é seo agus 10% den choigilteas fuinnimh atá riachtanach don gheilleagar iomlán faoi 2020 (tá sprioc náisiúnta de choigilteas 20% socraithe don gheilleagar ina iomláine). Chun an coigilteas spriocdhírith a bhaint amach, forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus sainordáíodh ann i dteannta le Rialacháin (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí

Fuinnimh) ón gComhphobal Eorpach 2009, na hoibleagáidí agus spriocanna seo a leanas;

- Ón 1 Eanáir 2011, áireoidh gach comhlacht earnála poiblí, i dtuarascálacha bliantúla, ráiteas ina ndéantar cur síos ar na gníomhartha atá á ndéanamh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chomh fada is a bhaineann leis an sprioc 33%;
- Cláir éifeachtúlachta fuinnimh a bhunú do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, an tSeirbhís Sláinte agus réimsí eile den earnáil poiblí;
- Cleachtais soláthair éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm; agus
- Ní mór do gach foirgneamh earnála poiblí atá os cionn 1,000m² Teastas Fuinnimh Taispeána a bheith ar taispeáint chun léargas a thabhairt ar an úsáid fuinnimh iarbhír agus ar an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh.


Tá oifig amháin ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach. Tá na hoifigí seo lonnaithe ar dhá urlár d'fhoirgneamh oifige iláitithe. Ní sháraíonn an t-achar urláir léasaithe 1,000m² sa chás go dteastaíonn Teastas Fuinnimh Taispeána.

Tuairiscíonn CNCC ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialacháin (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) ón gComhphobal Eorpach 2009. Tá an tuarascáil ar ídiú fuinnimh bunaithe ar líon fostaithe coibhéis lánaimseartha CNCC. Roghnaíodh an cur chuige seo mar go raibh éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara i líon fostaithe CNCC i rith na tréimhse tuairiscithe.

In 2018, d'ídigh CNCC 364,901 kWh d'fhuinneamh, a áiríodh ann:

- 123,009 kWh (2017: 118,772kWh) de leictreachas; agus
- 133,263 kWh (2017: 117,353kWh) de breoslaí iontaise (téamh).

Léirítear ar an ngraf seo an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil do CNCC ag tosú ag an mbliain bhunlíne de 2009 suas go dtí 2018.



Bhí feidhmíocht CNCC i rith 2018 20.3% níos fearr ná 2017 agus 13.6% níos fearr ná an t-ídiú bunlíne. Teastaíonn feabhsúcháin shuntasacha in 2019 agus 2020, áfach, má tá CNCC chun a sprioc - laghdú 33% ar ídiú bunlíne 2009 a chomhlíonadh. I láthair na huaire, tá CNCC 18.3% níos measa ná a sprioc-chonair faoileoireachta laghdaithe.

Tá CNCC tiomanta dá chuspóirí coigiltis fuinnimh a chomhlíonadh de réir an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. In 2019 leagfar béim athnuaite ar na cuspóirí seo a chomhlíonadh tríd an bplean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Tá srian ar na gníomhartha is féidir le CNCC a dhéanamh mar gur tionónta in oifig iláitithe é ach geallann sé tabhairt faoi na gníomhartha pleanáilte seo a leanas in 2019:

- Gléasanna atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach nuair atá trealamh á athsholáthar;
- An soilsíú reatha a athsholáthar le soilsíú LED atá tíosach ar fhuinneamh;
- Tacú le níos mó úsáid a bhaint as comhfhreagras digiteach; agus
- Leanúint ag tacú le húsáid fhreagrach fuinnimh laistigh den eagraíocht.

5.4 Stiúrthóireacht na Nuálaíochta Próisís



Alison Green,
Stíúrtóir na
Nuálaíochta Próisís

Tá Aonad na Nuálaíochta Próisís freagrach as obair an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a threorú chomh fada is a bhaineann le próisis agus córais oibríochtúla a fhorbairt agus a chothabháil laistigh de CNCC agus i ndáil le bainistiú liostaí feithimh sa chóras sláinte náisiúnta. Trí phróisis agus córais a fheabhsú, tacaíonn an tAonad le faisnéis ar ardchaighdeán faoi othair, cothromas, rialachas feabhsaithe, caighdeánú náisiúnta, éifeachtúlacht agus soláthar rochtana agus amanna feithimh níos giorra d’othair ar leibhéal náisiúnta.

Bliain ghnóthach ba ea 2018 in Aonad na Nuálaíochta Gnó (ANG) le linn leanúint ar aghaidh le treoir a thabhairt agus athruithe móra a chur i bhfeidhm sa chóras sláinte agus tionscadail feabhsaithe próisis. Tá tionscadail uile ANG á mbainistiú agus á soláthar trí rannpháirtíocht an chórais trí chéile, agus tá úsáid á baint as roinnt modheolaíochtaí cruthaithe lena n-áirítear PRINCE, LEAN agus Agile.

Punann Tionscadal agus Imeachtaí 2018

During 2018, the PIU continued to deliver on a number of important projects and innovative events. These projects and events are listed below:

- Ceardlann Choimisiúnaithe Náisiúnta
- Taighde ar Chomhfhreagras le hOthair
- An tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta
- Próiseas Tosaíochta Cliniciúil d’Othair Roghnacha a dteastaíonn Cúram mar Othair Chónaitheacha nó mar Chásanna Lae uathu
- An Córas Bainistíochta Rochtana Othair (CBRO)
- Clár Oiliúna agus Forbartha OCCLGP 2018
- Ceardlann Náisiúnta Othar Cónaitheach, Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte

Ceardlann Choimisiúnaithe Náisiúnta

In Eanáir 2018 d’eagraigh, d’óstáil agus d’éascaigh ANG Ceardlann Choimisiúnaithe Náisiúnta. D’fhreastail 62 duine ó ospidéal agus ó Ghrúpaí Ospidéal ar fud na tíre ar an gCeardlann, mar aon le hionadaithe ó FSS agus ón Roinn Sláinte.

Seo a leanas an cuspóir a bhí luaite leis an gCeardlann Choimisiúnaithe:

- Deis a thabhairt do CNCC buíochas a ghabháil le agus aitheantas a thabhairt do na páirtithe leasmhara
- Faisnéis a roinnt le chéile maidir le Próiseas Coimisiúnaithe 2017 CNCC
- Aiseolas agus faisnéis ó pháirtithe leasmhara maidir le Próiseas Coimisiúnaithe 2017 a bhailiú, a thiomsú agus a phlé
- Deiseanna feabhais le haghaidh 2018 a aithint agus a phlé
- Plé a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí córais agus próisis a fheabhsú

Rinneadh anailís air agus úsáideadh an fhaisnéis ar fad a bailíodh ar an lá i ndáil le feabhsúcháin próisis. I ndiaidh na ceardlainne, thug aiseolas ó shuirbhé a rinneadh ar na daoine a bhí i láthair le fios gur comhlíonadh cuspóirí na ceardlainne, agus thug 80% de fhreagróirí le fios gur shíl siad go raibh an cheardlann thar barr.

Taighde ar Chomhfhreagras le hOthair

I rith 2018, d'oibrigh ANG i ndlúthchomhar le Foireann Taighde na Roinne Sláinte agus le FSS ar an 'Tionscnamh Litir Níos Fearr' chun comhfhreagras feabhsaithe le hothair a fhorbairt agus a thástáil i ndáil le:

- Litreacha Bailíochtaithe
- Litreacha Bailíochtaithe Meabhrúcháin
- Litreacha Bainte ó Liosta Feithimh

Rinneadh tástálacha ag roinnt suíomhanna ospidéil agus rinneadh moladh náisiúnta mar thoradh ar na torthaí go n-úsáidfeadh gach ospidéal an comhfhreagras caighdeánach céanna nuair a bhíonn comhfhreagras á dhéanamh le hothair maidir le bailíochtú agus nuair a bhíonn othar á bhaint de liosta feithimh.

Leanfaidh ANG ag obair le Foireann Taighde na Roinne Sláinte agus FSS i rith 2019 chun comhfhreagras feabhsaithe le hothair a fhorbairt agus a thástáil chomh fada is a bhaineann le coinní Othar Cónaitheach agus Cásanna Lae.

An tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta

Ar an 19 Meitheamh 2018, fuair CNCC comhfhreagras ón Aire Sláinte ag iarraidh air Aonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta a bhunú agus a chur i mbun oibre a luaithe is indéanta i CNCC, ach tráth nach déanaí ná Meán Fómhair 2018.

Is cuid de ANG é an tAonad agus tá sé bunaithe ar shamhail acmhainní cumaiscthe, agus beidh seachtar comhaltaí foirne ceaptha agus beidh seirbhísí poist soláthartha ag tacú leo lena gcuid oibre. Bunaíodh an tAonad agus bhí na comhaltaí foirne ar fad ceaptha ar an 24 Meán Fómhair, agus eisíodh an chéad litir bhailíochtaithe ar an 2 Samhain 2018.

Tá próiseas bailíochtaithe caighdeánaithe forbartha ag an Aonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta do liostaí feithimh, próiseas a chinntíonn go bhfuil beachtas liostaí feithimh á mbailíochtú go sábháilte, go héifeachtúil agus go cothrom sa chóras ospidéil trí chéile. Tá cláir bhailíochtaithe na liostaí feithimh foirmiúla riaracháin d'Othair Chónaitheacha, Othair Sheachtracha agus Cásanna Lae a bhí á ndéanamh ina n-aonar ag gach ospidéal roimhe seo sruthlínithe agus caighdeánaithe.

Próiseas Tosaíochta Cliniciúil d'Othair Roghnacha a dteastaíonn Cúram mar Othair Chónaitheacha nó mar Chásanna Lae uathu

I rith 2018 d'oibrigh ANG le FSS, Grúpaí Ospidéil agus Cláir Cúraim Cliniciúil chun Próiseas Tosaíochta Cliniciúil d'Othair Roghnacha a dteastaíonn Cúram mar Othair Chónaitheacha nó mar Chásanna Lae uathu a fhorbairt.

Tá trí Chatagóir Tosaíochta san áireamh sa Phróiseas Tosaíochta Cliniciúil nua atá comhaontaithe (Práinneach, Measartha Práinneach agus Neamhphráinneach), agus tá Amanna Molta Cliniciúla maidir le hOthair Isteach/Amach agus Tréithe Cliniciúla ag tacú leis an bPróiseas.

Seo a leanas na príomhchuspóirí atá luaite leis an bpróiseas Tosaíochta Cliniciúil caighdeánaithe:

- Catagóirí tosaíochta cliniciúil a chaighdeánú d'othair a dteastaíonn cúram ospidéil uathu
- Na catagóirí tosaíochta cliniciúla d'othair ar Liosta Feithimh na nOthar Cónaitheach agus Cásanna Lae a ailíniú le Liostaí Feithimh na nOthar Seachtrach agus Diagnóiseach
- An débhrí a bhaineann le hothair atá triáiseáilte mar 'Práinneach' a laghdú
- Faisnéis níos beachte maidir le Tosaíocht Chliniciúil agus amanna feithimh gaolmhara a thiomsú agus a thuairisciú

Dearfaidh Grúpa Stiúrtha Náisiúnta OCCLGP Foirm Áirithinte Náisiúnta, chun tacú le rolladh amach, úsáid agus tuairisciú na Tosaíochta Cliniciúla nua. Tá an Grúpa Stiúrtha faoi Chathaoirleacht Stiúrtóir na Nuálaíochta Próisis, CNCC.

An Córas Bainistíochta Rochtana Othair (CBRO)

Sholáthair an Cheardlann Choimisiúnaithe a reáchtáladh in Eanáir 2018 léargas luachmhar ar conas a d'fhéadfaí córais choimisiúnaithe a fheabhsú. In 2018, thosaigh ANG ag obair leis an Roinn TFC agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun Córas Bainistíochta Rochtana Othair (CBRO) CNCC a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le Próisis Choimisiúnaithe CNCC. Soláthróidh sé foinse shingil faisnéise maidir le stádas othar a bhfuil cúram ospidéil á rochtain acu trí thionscnamh atá maoinithe ag CNCC. Is é seo an chéad chóras atá in ann dul chun cinn othar in earnáil na nOspidéal Poiblí agus Príobháideach a rianú agus a thuairisciú, rud a chiallaíonn go bhfuil conair an othair níos soiléire agus níos trédhearcaí. Tá CBRO le cur ar fáil in 2019.

Clár Oiliúna agus Forbartha OCCLGP 2018

Reáchtáladh Clár Oiliúna agus Forbartha OCCLGP 2018 i gcomhar le Roinn TFC, CNCC. Reáchtáladh an chéad Chlár i rith mhí na Samhna le Grúpa Ospidéil Oirthear na hÉireann agus leanfar leis an gclár ag tús 2019.

Ceardlann Náisiúnta Othar Cónaitheach, Cásanna Lae & Gnáthamh Pleanáilte

D'eagraigh, d'óstáil agus d'éascaigh CNCC ceardlann maidir le hOthar Cónaitheach, Cásanna Lae agus Gnáthamh Pleanáilte in Óstán an Ashling ar an Déardaoin, an 22 Samhain. D'fhreastail 52 Ceannasaí Cúram Sceidealaithe ar an gceardlann seo agus bhí ionadaithe ó gach Grúpa Ospidéil, an Roinn Sláinte agus FSS i láthair. Ba é an aidhm a bhí leis an gceardlann seo díriú ar athruithe ar Phrótacal OCCLGP 2017, a áiríodh ann an Próiseas Tosaíochta Cliniciúil, Bailíochtú Náisiúnta, Clár Bailíochtaithe 2019 agus Foirmeacha Áirithinte Náisiúnta.

Buíochas

Is mian le hAonad na Nuálaíochta Próisis buíochas a ghabháil leis na hionadaithe ar fad ón Roinn Sláinte, FSS, Clár Cúraim Chliniciúil, Grúpaí Ospidéil agus ospidéil aonair as a gcuid ama a roinnt linn agus as páirt a ghlacadh i dtionscadail i rith 2018 agus táimid ag súil le bheith ag obair leo in 2019.



*Eoin Darcy, Stiúrthóir
na Teicneolaíochta
Faisnéise agus
Cumarsáide*

5.5 Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról lárnach ag Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) i gcuspóirí straitéiseacha CNCC a chur i gcrích. Áirítear san obair sin bailiú, tiomsú, tuairisciú agus ceistiú shonraí na liostaí feithimh ospidéal agus infhaighteacht, slándáil agus rúndacht chórais TFC na n-eagraíochtaí a chinntiú. Déanann ceithre fhoireann é seo a bhainistiú: Anailís agus Tuairisciú Sonraí, Bonneagar agus Oibríochtaí, Caighdeán agus Tástáil Sonraí, agus Forbairt TFC.

Gné riachtanach d'obair uile CNCC é infhaighteacht sonraí tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa agus leanamar orainn ag forbairt na gné seo dár gcuid oibre trínár dtacar tuarascálacha a fhorbairt agus a fheabhsú. Rinneadh beagnach 13 milliún taifead Othar Cónaitheach/Cásanna Lae agus breis is 27 milliún Othar Seachtrach a phróiseáil in 2018 agus dáileadh breis is 1,400 tuarascáil gach mí.

Foilsítear líon mór tuarascálacha gach mí ar www.ntpf.ie, tuarascálacha ina soláthraítear faisnéis faoi líon na ndaoine atá ag feitheamh le haghaidh seirbhísí ospidéal.

Tá ról suntasach ag an Stiúrthóireacht TFC i mbeagnach gach tionscnamh Feabhais Phróiseas CNCC. In 2018, áiríodh anseo comhéadain sonraí a fhorbairt chun cur ar chumas an Aonaid Bailíochtaíthe Láraithe Náisiúnta othair a roghnú chun iad a bhailíochtú agus a bhfreagraí a thairgeadh ar an gClár Cóireála Othar; agus páirt a ghlacadh i sonraíocht agus dearadh an Chórais Bainistíochta Rochtana Othair.

Baineann fíorthábhacht le teicneolaíocht an bhunachair sonraí a fheabhsú chomh fada is a bhaineann le faisnéis, córais agus próisis sonraí a fheabhsú. In 2018, chuir CNCC críoch le hascnamh liostaí feithimh na nOthar Cónaitheach agus na gCásanna Lae chuig ardán nua bunachair sonraí trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is déanaí. Cuireadh tús leis an bpróiseas a bhaineann le liosta na nOthar Seachtrach a ascnamh in 2018 agus cuirfear an próiseas i gcrích in 2019.


Tá glactha ag CNCC le straitéis néil, lena n-áirítear ascnamh an tsuímh ghréasáin (www.ntpf.ie) chuig Néal Seachtrach Príobháideach an Rialtais (PGC-e) agus forbairt agus nuashonrú leanúnach an tsuímh a dhéanamh go himheánach.

Gné riachtanach dár gcuid oibre é lomláine Sonraí/Cáilíocht Sonraí (ISCS) agus reáchtálar Laethanta Feasachta Sonraí le haghaidh gach Grúpa Ospidéal laistigh de na hospidéal agus grúpaí de na seiceálacha agus cosaintí atá á gcur chun feidhme againn ar mhaithe le beachtas na sonraí. Tá ISCS freagrach as comhsheasmhacht agus caighdeán na sonraí a fhaightear ó ospidéal aonair ionas gur féidir linn, ina dhiaidh sin, foinse iontaofa faisnéise a sholáthar chun pleanáil agus bainistíocht fianaisebhunaithe liostaí feithimh a éascú ag leibhéal na nOspidéal, Grúpa Ospidéal agus Náisiúnta. Oibríonn an fhoireann TFC leis an bhfoireann Iniúchta & Dearbhaithe Cáilíochta a dhéanann iniúchadh agus a thuiriscíonn ar chomhlíontacht sa réimse seo.

Tá an fhoireann Bonneagair & Oibríochtaí ag leanúint leis na comhphárteanna líonra agus bonneagair de chórais CNCC a uasghrádú chun infhaighteacht agus slándáil leanúnach gach seirbhís TF a chinntiú. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé feidhm Deasc Freastail inmheánaigh chun freastal ar riachtanais TF fhoireann CNCC.

ICT Team 2018

WAITING LIST DATA



Records loaded

REPORTS & BI



OPERATIONS AND SECURITY

The ICT Operations and Security Team deals with all IT service requests and maintains our ICT infrastructure. This includes machine setups, password resets, application installs, backups, firewall config, DBA, Mobile Device Management, security monitoring, vendor management, network design, server management etc

Service Desk Calls Closed

279

PEOPLE



12 ICT STAFF



**5 NEW HIRES
2018**



3 VACANCIES

PROJECTS

All new requests to the ICT department are treated as projects which follow a standard Project methodology. Some of the major projects that we worked on in 2018 include

Validation



PTR2 Migration



BI Dashboard



PQs and FOIs

We receive numerous requests for information from the press and public representatives through PQ and FOI requests.

**38 PQs answered
18 FOIs answered**

DCDQ



We have an ongoing Data Completeness Data Quality (DCDQ) programme which monitors, reports and follows up on data quality issues across all of the data we receive. This programme will be ramped up significantly in 2019

**An Ciste Náisiúnta
Um Cheannach Cóireála**

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018



6. Ráitis Airgeadais Bliantúla

Eolas Ginearálta

Comhaltaí boird:

John Horan (Cathaoirleach)
Patricia Byron
Bernadette Costello
Patrick Gibbons
Terry McWade
James Melly
Jack Nagle
Brendan O'Donoghue
Anne Stewart

Rúnaí an Bhoird:

Liz Lottering

An Cheannoifig:

Ashford House
Tara Street
Dublin 2

Uimh. Theileafóin:

+353 1 6427 101

Uimh. Facs:

+353 1 6427 102

Suíomh Gréasáin:

www.ntpf.ie

Iniúcháirí:

Comptroller and Auditor General
3A Mayor Street Upper
North Wall
Baile Átha Cliath 1

Príomhbhaincírí:

AIB Bank Limited
Swords Road
Santry
Baile Átha Cliath 9

Aturnaetha:

Philip Lee Solicitors
7/8 Wilton Terrace
Baile Átha Cliath 2

Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Rialachas

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) 179 —Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004 mar atá leasaithe ag an Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranais (2009). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 4 den I.R. seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach mórcheist gnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmíocháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearach atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo CNCC. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearach an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí atá le cur i gcrích i ndáil leis an eintiteas, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an POF mar phointe teagmhála díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta CNCC.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe san Ionstraim Reachtúil. I measc na nithe buana a bhreithníonn an Bord tá;

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha airgid/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Nithe forchoimeáda

Ceanglaíonn Alt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil ar Bhord CNCC na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aige a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord CNCC;

- Polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú
- A shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin CNCC. Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais CNCC léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais CNCC ar an 31 Nollaig 2018 ach amháin i gcás na neamhchomhlíontachta le ceanglais FRS 102 i ndáil le hoibleagáidí maidir le sochar scoir. Déan cuntas ar shochair scoir ar bhonn íoctar mar a úsáidtear.

Struchtúr an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, agus tá siad ar fad ceaptha ag an Aire Sláinte. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 bliana agus bhuail siad le chéile ar bhonn rialta. Sonraítear sa tábla thíos an dáta ceapacháin is déanaí do na comhaltaí reatha:

Board Member	Role	Latest Date Appointed
John Horan	Cathaoirleach	03 Meitheamh 2017
Patricia Byron	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2017
Bernadette Costello	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Terry McWade	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
James Melly	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Jack Nagle	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Brendan O'Donoghue	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Anne Stewart	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2017

Chuir an Bord tús le hAthbhreithniú Éifeachtachta agus Measúnaithe i mí Iúil 2018 agus cuireadh é seo i gcrích i Meán Fómhair 2018.

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

An Coiste Iniúchta agus Riosca; ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca - Patrick Gibbons (Cathaoirleach), Bernadette Costello, James Melly agus Anne Stewart. Bhí 7 gcruinniú ag an CIR in 2018.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2018 sonraithe thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta;

Comhaltaí Boird:	Bord	Coiste Iniúchta & Riosca	Táillí 2018	Costais 2018
Líon na gcruinnithe	8	7		
John Horan (Cathaoir)	8		11,970	571
Patricia Byron	8		7,695	0
Bernadette Costello	8	6	3,206	3,170
Patrick Gibbons	8	7	7,695	183
James Melly	8	1	7,695	255
Jack Nagle	7		7,695	1,218
Terry McWade	8	6	7,695	0
Brendan O'Donoghue	7	1	7,695	0
Anne Stewart	6	6	7,695	0
			69,041	5,397

Ní bhfuair comhalta Boird amháin, Bernadette Costello, Táille Boird faoin bprionsabal Aon-Tuarastal an Duine (ATD) go dtí go ndeachaigh sí ar scor ón tseirbhís phoiblí i Meán Fómhair 2018.

Chríochnaigh Brendan O'Donoghue agus Terry McWade a dtéarma oifige ar an gCoiste Iniúchta & Riosca in Eanáir 2018 agus Nollaig 2018 faoi seach. Ceapadh Anne Stewart agus James Melly ar an gCoiste Iniúchta & Riosca in Aibreán 2018 agus Nollaig 2018 faoi seach.

Athruithe ar Phríomhphearsanra

Ceapadh Stiúrthóir Airgeadais buan le héifeacht ón 8ú Eanáir 2018. D'éirigh an Stiúrthóir Airgeadais Gníomhach as an ról le héifeacht ón 31ú Márta 2018.

Ceapadh Stiúrthóir TFC nua le héifeacht ón 20ú Lúnasa 2018. Chuir an Stiúrthóir TFC a bhí ann roimhe seo ar scor le héifeacht ón 18ú Eanáir 2018.

Ceapadh Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha nua le héifeacht ón 15ú Deireadh Fómhair 2018. D'éirigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a bhí ann roimhe as an ról le héifeacht ón 15ú Eanáir 2018.

Nochtuithe arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid:

Costais Chomhairleachta

	2018	2017
Dlí	79,070	104,509
Caidreamh poiblí	107,821	97,348
Feabhas gnó	0	30,750

Ní raibh aon socruithe dlí i gceist in 2018 nó in 2017

Taisteal & Cothú

	Intíre		Eachtrach		Iomlán	
	2018	2017	2018	2017	2018	2017
Foireann	63,839	58,460	0	411	63,839	58,871
Bord	5,397	8,368	0	0	5,397	8,368
Iomlán	69,236	66,828	0	411	69,236	67,239

Caiteachas Fáilteachais;

Tabhaíodh €1,270 ar fháilteachas inmheánach le haghaidh 2018 (2017 €722). Tabhaíodh €0 ar fháilteachas seachtrach le haghaidh 2018 (2017 €0).

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á chomhlíonadh ina iomláine ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála le haghaidh 2018.

Thar ceann Bhord CNCC:



John Horan
Cathaoirleach
An 19 Nollaig 2019



Patrick Gibbons
Comhalta Boird
An 19 Nollaig 2019

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánach

Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánach riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur le riosca ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag CNCC a áirítear ann ceathrar comhaltaí Boird ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus is é an Cathaoirleach duine de na comhaltaí. Bhuail CIR le chéile seacht mbabhta in 2018.

Chomh maith leis sin, tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag CNCC a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil lena haghaidh agus a reáchtálann clár oibre atá comhaontaithe le CIR. Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh seachfhoinsithe chuig comhlacht tráchtála.

Déanann CIR maoirseacht ar an bpolasaí bainistíochta riosca ina sonraítear na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus mionsonraí maidir le róil agus freagrachtaí na gcomhaltaí foirne i ndáil le riosca. Tá an polasaí eisithe chuig na comhaltaí foirne ar fad a bhfuiltear ag súil a bheith ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca CNCC, chun aird an lucht bainistíochta a tharraingt ar rioscaí agus ar laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Is mír sheasta ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird agus CIR é bainistíocht riosca. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina sainaitheann na príomhrioscaí atá os comhair CNCC agus tá na rioscaí seo sainaitheanta, measúnaithe agus rangaithe de réir a suntasaí is atá siad. Déanann CIR athbhreithniú ar gach riosca atá aitheanta ar an gClár Rioscaí agus ar an bplean bainistíochta chun an rioscaaitheanta a mhaolú ag gach cruinniú. Cuirtear rioscaí a aithnítear i rith na bliana leis an gClár Rioscaí go leanúnach. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar na rioscaí ardrangaithe (rátáilte ómra nó dearg), rioscaí nua agus rioscaí athraitheacha ag gach cruinniú Boird. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal cuí.

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theasaíonn chun riosca a mhaolú agus tá freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe sannta do chomhaltaí foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear ann na gnéithe seo a leanas;

- tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach

- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an lucht bainistíochta sinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú agus
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas bunaithe;

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid agus le réamhaisnéisí.ts.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag CNCC lena chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Tarraingítear aird ar nithe a bhaineann le rialuithe soláthair faoi Shaincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh thíos.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dheimhnigh an Bord, ar an 2 Nollaig 2019, go raibh athbhreithniú bliantúil déanta aige ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2018.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag CNCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag CNCC ar an gcóras rialaigh inmheánaigh bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an fhoireann bainistíochta sinsearach laistigh de CNCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Soláthar neamh-chomhlíontach:

Ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach:

I rith 2018, b'éigean don Chiste cur go suntasach lena ghníomhaíochta agus líon foirne le Buiséad 2018, a mhéadaigh ioncaim an Chiste ó €22.6m go dtí €55m. I rith ré seo an athraithe shuntasach, cuireadh síneadh le conarthaí reatha chun seirbhísí áirithe a sholáthar. Tabhaíodh caiteachas de €425,009 in 2018 i ndáil leis na seirbhísí seo. Cuireadh tús le comórtais nua tairisceana le haghaidh na seirbhísí seo in 2018 agus tá siad curtha i gcrích.

Thar ceann Bhord CNCC:



John Horan
Chairperson
19 December 2019



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Treatment Purchase Fund Board

Qualified opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Treatment Purchase Fund Board for the year ended 31 December 2018 as required under the provisions of section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements have been prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland* and comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, except for the non-compliance with the requirements of FRS 102 in relation to retirement benefit entitlements referred to below, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Treatment Purchase Fund Board at 31 December 2018 and of its income and expenditure for 2018 in accordance with FRS 102.

Basis for qualified opinion on financial statements

In compliance with the directions of the Minister for Health, the National Treatment Purchase Fund Board accounts for the costs of retirement benefit entitlements only as they become payable. This does not comply with FRS 102 which requires that the financial statements recognise the full cost of retirement benefit entitlements earned in the period and the accrued liability at the reporting date. The effect of the non-compliance on the National Treatment Purchase Fund Board's financial statements for 2018 has not been quantified.

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Treatment Purchase Fund Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Treatment Purchase Fund Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

13 December 2019

Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Ioncam			
Deontais	2	55,022,000	22,600,000
Ioncam Eile		-	-
Ioncam Iomlán		55,022,000	22,600,000
Lúide: Caiteachas			
Caiteachas ar Chúram Othar	3	48,784,645	13,050,001
Costais Riaracháin	4	4,612,121	4,362,455
Caiteachas Iomlán		53,396,766	17,412,456
Farasbarr don Bhliain roimh Leithreasuithe		1,625,234	5,187,544
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	11	(22,288)	(7,189)
Farasbarr don Bhliain i ndiaidh Leithreasuithe		1,602,946	5,180,355
Iarmhéid Tugtha Anonn an 1 Eanáir		6,014,541	834,186
Iarmhéid Tugtha Anonn an 31 Nollaig		7,617,487	6,014,541

Áirítear i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gach gnóthachan agus caillteanas aitheanta sa bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 15.

Thar Ceann Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:



John Horan
Cathaoirleach
An 19 Nollaig 2019



Patrick Gibbons
Comhalta Boird
An 19 Nollaig 2019

Ráiteas ar Staid Airgeadais

ar an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sócmhainní Seasta	6	128,652	106,364
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	384,660	102,999
Airgead tirim agus coibhéisí airgid	8	23,346,265	14,247,853
		<u>23,730,925</u>	<u>14,350,852</u>
Dliteanais Reatha (méideanna dlíthe laistigh de bhliain amháin)			
Infháltais Cúraim agus Fabhruithe	9	15,492,586	7,626,952
Infháltais agus Fabhruithe Neamhchúraim	10	620,852	709,360
		<u>16,113,438</u>	<u>8,336,312</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>7,617,487</u>	<u>6,014,540</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u>7,746,139</u>	<u>6,120,904</u>
Ag déanamh ionadaíochta ar			
Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		7,617,487	6,014,541
Cuntas Caipitil	11	128,652	106,363
		<u>7,746,139</u>	<u>6,120,904</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 15.

Thar Ceann Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:



John Horan
Cathaoirleach
An 19 Nollaig 2019



Patrick Gibbons
Comhalta Boird
An 19 Nollaig 2019

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Farasbarr Ioncaim thar Chaiteachas		1,625,234	5,187,544
Dímheas agus bearnúchán Sócmhainní Seasta (Méadú) / Laghdú ar Infháltais	6	62,336 (281,661)	58,023 296,190
Méadú ar Infháltais		7,777,126	7,045,036
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		9,183,035	12,586,793
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	6	(84,624)	(65,212)
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(84,624)	(65,212)
Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		9,098,412	12,521,581
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 1 Eanáir		14,247,853	1,726,272
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig		23,346,265	14,247,853

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus polasaithe cuntasaíochta suntasacha arna nglacadh ag Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bord CNCC) leagtha amach thíos. Tá siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Bord CNCC faoi Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 mar atá leasaithe ag an Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranaís (2009) agus tá a cheannoifig lonnaithe i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

Seo a leanas príomhchuspóirí Bhord CNCC:

- (i) Socruithe a dhéanamh le daoine, cónaitheoirí sa Stát nó in áit éigin eile, chun cóireáil ospidéal a chur ar fáil d'aicmí daoine a d'fhéadfadh an tAire a chinneadh ó am go ham.
- (ii) Faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh le haghaidh cóireáil ospidéal a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú agus córais agus nósanna imeachta faisnéise a bhunú le haghaidh na críche sin.
- (iii) Comhairle a chur ar fáil don Aire nuair a iarrann an tAire a leithéid nó ar a thionscnamh féin, maidir le ceisteanna a bhaineann lena fheidhmeanna.
- (iv) Idirbheartaíocht a dhéanamh le húinéirí tithe banaltranaís cláraithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis an bpraghas/na praghsanna uasta a ghearrfar chun seirbhísí fadtéarmacha cúraim chónaithe a chur ar fáil do Chónaitheoirí na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltranaís agus sonraí a sholáthar do FSS maidir le gach comhaontú Tithe Banaltranaís atá faofa.
- (v) Scéimeanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le laghdú de réir a chéile ar amanna feithimh uasta do chéad choinní othar seachtrach agus é sin a éascú.
- (vi) Tacú le bearta chun am eispéiris agus feidhmíochta othar a fheabhsú i ranna éigeandála ospidéal trí chlár thacaíochta spriocdhírthe.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (ELP) é Bord CNCC.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Tá ráitis airgeadais Bhord CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), leis an eisceacht go ndéantar cuntas ar phinsin ar bhonn íoctar mar a úsáidtear. Ní chuirtear forálacha FRS 102 Alt 28 Sochair Fostaí i bhfeidhm agus níl an dlíteanas le haghaidh sochair scoir todhchaíocha fabhraithe sa bhliain aitheanta sna ráitis airgeadais.

c) An Bonn Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir choinbhiniúin an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dlíteanas áirithe a thomhaistear ag luach cóir mar a mhínítear sna polasaithe cuntasaíochta thíos.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte faoi Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004.

Tá na polasaithe cuntasáíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Bhord CNCC.

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Déantar ioncam a aithint ar bhonn fabhrúithe go ginearálta. Soláthraítear Deontais Oireachtais, áfach, chun gealltanais a rinneadh i rith na bliana a íoc seachas costais tabhaithe i rith na bliana agus a ndéantar cuntas orthu ar bhonn fáltas airgid.

Ioncam Eile

Déantar ioncam eile a aithint ar bhonn fáltas airgid.

e) Caiteachas ar chúram othar

Déantar caiteachas cúraim a aithint sa bhliain ina gcuirtear an cúram leighis ar fáil.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar bearnúcháin. Soláthraítear dímheas le haghaidh gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir méid cothrom ag rátaí a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig luachanna iarmharacha faoi dheireadh a saolré ionchais mar seo a leanas:

Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	20% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Trealamh agus Feistis	10% sa bhliain

Is éard atá i gceist le luach iarmharach an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair dá ndéanfaí sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa ríocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Déantar caiteachas a thabhaítear ar chórais ríomhaireachta a fhorbairt, ar caiteachas suntasach é, agus a mheastar a bhfuil buntáiste eacnamaíoch don Bhord ag baint leis de bhreis is bliain amháin sa todhchaí, a chaipitliú agus a dhímheas i rith na tréimhse a mheastar a bheidh na buntáistí eacnamaíocha i gceist. Tá an tréimhse seo faoi réir uasmhéid 5 bliana. Sa chás go bhfuil neamhchinnteacht ann maidir le buntáiste eacnamaíoch todhchaíoch caillteanas bearnúcháin, aithnítear an caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus i gCúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

g) Fardal

De bhrí nach bhfuil aon fardal ábhartha ag an mBord déantar gach ilmhír intomhalta (e.g. stáiseanóireacht, ábhar clóite etc.) a mhuirearú ina n-iomláine sa Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina bhfuarthas iad ar dtús.

h) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Bord CNCC in ann na méideanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasach sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

j) Sochair Fostaithe**Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Soláthraítear teidlíochtaí pinsin d'fhostaithe atá fostaithe go díreach ag an mBord trí scéim le sochar sainithe. De réir threoir ón Aire Airgeadais, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair pinsin sa todhcháí. Soláthraítear maoiniú nuair a dhéanamh íocaíochtaí pinsin.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó thuarastail fostaithe a fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí pinsin agus aithnítear iad mar ghlanchoistais pinsin agus déantar iad a mhuirearú do Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a íoctar iad.

Chomh maith leis sin, tá an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) á riaradh ag CNCC, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísiúgh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is iad na máthairchomhlachtaí a bhíonn freagrach as sochair pinsin comhaltaí foirne atá ar iasacht le CNCC. Muirearaítear an costas atá ar an bhfostóir chun na sochair seo a sholáthar don Chuntais Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe agus déantar é a aisíoc leis na máthairchomhlachtaí.

k) Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil luach gan amúchadh an ioncaim atá curtha i bhfeidhm ar chaiteachas caipitil. Déantar eisiúintí ón gcúlchiste seo chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir dhímheas agus dhíluacháil na sócmhainní.

l) Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Tá idirbhearta airgeadra eachtraigh i rith na tréimhse aistrithe ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhíre a bheith éagsúil leis na torthaí measta. Ní raibh aon bhreithiúnais riachtanacha ann, áfach, a raibh éifeacht shuntasach acu ar na méideanna aitheantas sna ráitis airgeadais le haghaidh 2018.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Bord CNCC ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré geilleagrach úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

2. Deontais Oireachtais

Áirítear sna Deontais Oireachtais vótáilte chuig an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ó Vóta 38 Sláinte a thaispeántar sna ráitis airgeadais;

		2018	2017
		€	€
Deontais do chaiteachas reatha	Fo-cheannteideal E3	55,022,000	22,600,000

3 (a) Caiteachas ar Chúram Othar

In 2018 bhain caiteachas tabhaithe ag CNCC le híocaíochtaí le hospidéal phríobháideacha agus phoiblí chun seirbhísí othar cónaitheach agus seachtrach a sholáthar d'othair. Cuirtear sonraí an chaiteachais ar fáil de réir an íocaí agus na speisialtachta mar seo a leanas;

	2018	2017
	€	€
Ospidéal Phríobháideacha	31,420,173	9,948,651
Ospidéal Phoiblí	17,364,472	3,101,350
	<u>48,784,645</u>	<u>13,050,001</u>

3 (b) Caiteachas ar Chúram Othar de réir na speisialtachta

	2018	2017
	€	€
Ortaipéidic	16,596,130	1,946,811
Oftailmeolaíocht	13,354,393	5,712,388
Máinliacht Ghinearálta	5,111,260	1,140,012
Máinliacht Chairdiach/ Cairdeolaíocht	3,586,180	1,409,204
Cluas, Srón agus Scornach	3,254,690	1,254,436
Úireolaíocht	2,772,059	496,315
Máinliacht Shoithíoch	2,264,842	629,579
Máinliacht Fiacla/ Bhéil	424,758	147,195
Máinliacht Phlaisteach Neamhchosmaideach	376,582	29,791
Gínéiceolaíocht	261,083	283,355
Néaramháinliacht	655,554	-
Bainistiú Péine	52,293	-
Deirmeolaíocht Mháinliachta	50,773	-
Riospráide	21,348	-
Réamaiteolaíocht	2,700	-
Raideolaíocht	0	914
Iomlán	<u>48,784,645</u>	<u>13,050,001</u>

4. Costais Riaracháin

		2018	2017
		€	€
Párolla	Nóta 5	2,597,966	2,469,792
Cíos Oifige		603,805	603,805
Seirbhísí gairmiúla		500,638	402,516
Costais oifige		215,863	185,205
Costais ríomhaireachta		199,964	177,907
Fógraíocht agus Poiblíocht		112,397	134,273
Oiliúint agus Earcaíocht		92,397	102,781
Táillí dlí		79,070	104,509
Iompar agus Taisteal		69,236	67,239
Dímheas		62,336	58,023
Glanadh agus cothabháil áitreabh		30,629	24,860
Táillí iniúchta		18,000	16,000
Árachas		15,191	12,502
Táillí bainc		14,492	532
Costais Ilghnéitheacha		137	2,512
Iomlán		<u>4,612,121</u>	<u>4,362,455</u>

Tabhair faoi deara: Áirítear na costais a bhaineann le ról CNCC a riar faoi Acht Fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltranaís i dtuarastail agus forchostais. Tá na costais seo cothrom le €243,502 (2017 €313,088).

5 Luach Saothair**5(a) Sochair Chomhshuimithe Fostaithe**

	2018	2017
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha foirne	2,284,637	2,190,943
Íocaíochtaí pinsin	88,048	66,415
Ranníocaíocht fostóra do Leas Sóisialta	225,281	212,434
Costas Iomlán Párolla	<u>2,597,966</u>	<u>2,469,792</u>

Tabhair faoi deara: Ní áirítear ranníocaíochtaí pinsin foirne i Chostas Iomlán Párolla. Tá ranníocaíochtaí pinsin aitheanta mar Ioncam Eile in 2017 athaicmithe i gcoinne an phárolla i ráitis airgeadais 2018.

	2018	2017
Líon foirne fostaithe (CL) ag deireadh na bliana	50	40

Tabhair faoi deara: Ar feitheamh thoradh bhreithniú na Roinne Sláinte ar ról CNCC, bhí triúr fostaithe iasachtaithe go sealadach chuig Gníomhaireachtaí Sláinte eile i rith 2017. Forchúitíodh costais tuarastail a bhaineann leis na comhaltaí foirne seo ó na Gníomhaireachtaí i gceist. Ar an tsli chéanna, sannadh 11 fhostaí eile, le costas tuarastail de €264,913 in 2017, chuig Gníomhaireachtaí Sláinte eile agus níor forchúitíodh an tuarastal don Bhord. Ní raibh aon chostas breise le hóc ag an Roinn sna cásanna seo. Bhí gach iasachtaí a bhí ann in 2017 éirithe as a gcuid oibre, aistrithe go buan chuig Gníomhaireachtaí eile nó fillte ar fhostaíocht le CNCC faoin 31 Nollaig 2017. In 2018 bhí comhalta foirne amháin ar iasacht go sealadach chuig Gníomhaireacht eile. Tá na costais tuarastail a bhaineann leis an gcomhalta foirne seo á bhforchúiteamh ón nGníomhaireacht i gceist.

5(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

	2018	2017
	€	€
Bunphá	2,280,447	2,189,110
Líúntais	4,190	1,833
	<u>2,284,637</u>	<u>2,190,943</u>

Níor íocadh aon sochair ragoibre nó scoir i rith na bliana (2017 - náid)

5(c) Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

2018	2017
€	€
127,912	82,110

Is comhalta é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, a ceapadh le héifeacht ón 4u Bealtaine 2017, de Scéim Aoisliúntais CNCC agus ní théann a theidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar téarmaí shamhail scéim pinsin na seirbhíse poiblí. Níl luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse san áireamh thuas.

5(d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear i measc príomhphearsanra bainistíochta CNCC Comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir TFC, an Stiúrthóir um Iníúchadh, Dearbhú Cáilíochta agus Taighde, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus Stiúrthóir na Nuálaíochta Próisís. Tá eolas maidir le luach iomlán na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta sonraíthe thíos;

	2018	2017
	€	€
Tuarastal	479,824	644,982

Ní áirítear i dtuarastal na bpríomhphearsanra bainistíochta luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse. Is comhaltaí iad na príomhphearsanra bainistíochta, ach amháin na comhaltaí Boird, de Scéim Aoisliúntais CNCC agus ní théann a dteidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar téarmaí shamhail scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

5(e) Miondealú ar shochair fostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe sa bhreis ar €60,000 á gcatagóiriú sna bandaí seo a leanas;

From	To	Number of Employees	
		2018	2017
€60,000 - €69,999		5	4
€70,000 - €79,999		-	-
€80,000 - €89,999		2	3
€90,000 - €99,999		-	-
€100,000 - €109,999		-	-
€111,000 - €119,999		-	-
€120,000 - €129,999		1	-
Iomlán		8	7

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear i sochair ghearrthéarmacha fostaí a bhaineann le seirbhísí curtha ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe íocaíochtaí tuarastail, liúntas agus íocaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra iontu.

5(f) Comhaltaí Boird

	Bord	Coiste Iniúchta & Riosca	Táillí 2018	Costais 2018
Líon na gcruinnithe	8	7		
John Horan (Cathaoir)	8		11,970	571
Patricia Byron	8		7,695	0
Bernadette Costello	8	6	3,206	3,170
Patrick Gibbons	8	7	7,695	183
James Melly	8	1	7,695	255
Jack Nagle	7		7,695	1,218
Terry McWade	8	6	7,695	0
Brendan O'Donoghue	7	1	7,695	0
Anne Stewart	6	6	7,695	0
			69,041	5,397

Ní bhfuair comhalta Boird amháin, Bernadette Costello, Táille Boird faoin bprionsabal Aon-Tuarastal an Duine (ATD) go dtí go ndeachaigh sí ar scor ón tseirbhís phoiblí i Meán Fómhair 2018.

Chríochnaigh Brendan O'Donoghue agus Terry McWade a dtéarma oifige ar an gCoiste Iniúchta & Riosca in Eanáir 2018 agus Nollaig 2018 faoi seach. Ceapadh Anne Stewart agus James Melly ar an gCoiste Iniúchta & Riosca in Aibreán 2018 agus Nollaig 2018 faoi seach.

6. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

	Trealamh & Bogearraí Ríomhaireachta €	Trealamh Oifige €	Troscán, Daingneáin & Feistis €	Iomlán €
Costas				
Amhail ar an 1 Eanáir 2018	4,843,383	155,164	391,106	5,389,653
Breiseanna	58,807	22,243	3,574	84,624
Diúscairtí			-	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	4,902,190	177,407	394,680	5,474,277
Dímheas				
Amhail ar an 1 Eanáir 2018	(4,746,380)	(151,263)	(385,646)	(5,283,289)
Muirear don Bhliain	(55,584)	(6,067)	(685)	(62,336)
Diúscairtí			-	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	(4,801,964)	(157,330)	(386,331)	(5,345,625)
Glanluach de réir na leabhar				
Amhail ar an 1 Eanáir	97,003	3,901	5,460	106,364
Glanghluaiseacht don bhliain	3,223	16,176	2,889	22,288
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	100,226	20,077	8,349	128,652

7. Infháltais agus réamhíocaíochtaí

	2018 €	2017 €
Réamhíocaíochtaí Ilearraí	363,201	92,606
Infháltais Ilearraí Eile	21,459	10,393
	384,660	102,999

8. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

	2018	2017
	€	€
Cuntas Bainc Reatha	23,345,965	14,247,553
Mionairgead	300	300
	<u>23,346,265</u>	<u>14,247,853</u>

9. Míreanna Iníochta agus Fabhruithe Cúraim

	2018	2017
	€	€
Míreanna iníochta cúraim	0	81,854
Fabhruithe cúraim	15,492,586	7,545,098
	<u>15,492,586</u>	<u>7,626,952</u>

10. Míreanna Iníochta agus Fabhruithe Neamhchúraim

	2018	2017
	€	€
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	254,102	275,557
ÍMAT / ÁSPC agus Tobhaigh Rialtais	84,563	54,933
Míreanna iníochta agus fabhruithe neamhchúraim eile	282,187	378,870
	<u>620,852</u>	<u>709,360</u>

11. Cuntas Caipitil

	2018	2017
	€	€
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	106,364	99,174
Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a fháil	84,624	65,212
Amúchadh de réir dímheas sócmhainní	(62,336)	(58,023)
Glanghluaiseacht sa Chuntas Caipitil	<u>22,288</u>	<u>7,190</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>128,652</u>	<u>106,364</u>

12. Léasanna Oibriúcháin

Tá áitreabh ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála ag Teach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2 faoi chomhaontú léasa ar cuireadh tús leis ar an 1 Eanáir 2016 agus a théann in éag ar an 31 Nollaig 2020. Tá achar urláir iomláin oifige an áitribh cothrom le 935m² agus bhí 100% de sin in úsáid ag CNCC ag an dáta tuairiscithe.

Cíosanna léasanna oibriúcháin (muirearaithe chuig an Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe)

	2018	2017
	€	€
Talamh agus Foirgnimh	603,805	603,805

Tá na gealltanais seo a leanas tugtha ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin a théann in éag

	2018	2017
	€	€
Laistigh de 1 bhliain	603,805	603,805
Idir 2 agus 5 bliana	603,805	1,207,610

13. Gealltanais

Is ionann gealltanais agus oibleagáidí nó gnóthais íocaíochtaí a dhéanamh amach anseo le hOspidéal Phoiblí agus Phríobháideacha ar ann dóibh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta mar dhliteanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais. Tá glacadh le tairiscintí ar chóireálacha, ar fiú luach measta de €8m (2017 €5m) iad, ag othair phoiblí ag an dáta tuairiscithe, cóimeálacha a chuirfear ar fáil an bhliain dár gcionn. De bhrí go n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe níl na gealltanais seo aitheanta mar dhliteanas ag an dáta tuairiscithe.

14. Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Áirítear i measc phríomhphearsana Bhord CNCC comhaltaí an Bhoird, an POF agus Bainisteoirí sinsearacha. Tá miondealú den luach saothair agus sochair íochta le príomhphearsana le fáil i Nóta 5.

Glacann Bord CNCC le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasa pearsanta na gcomhaltaí Boid. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh Bord CNCC páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe conarthacha le heintitis a bhfuil comhaltaí Bhord CNCC fostaithe acu nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile.

I rith na bliana, ní raibh aon bhaint ag Bord CNCC le comhlachtaí atá nasctha le haon duine de na comhaltaí Boid.

15. Faomhadh na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála na ráitis airgeadais ar an 2 Nollaig 2019.

Aguisín 1: Ráitis Airgeadais Bliantúla

De réir Alt 21 d'Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus á gcothabháil ag CNCC d'fhostaithe reatha nó d'iarfhostaithe ar main leo nochtuithe cosanta a dhéanamh maidir le CNCC agus a chuid oibre agus chun déileáil lena leithéid sin de nochtuithe. Tá faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta seo curtha ar fáil do gach fostaí.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2018.

Aguisín 2 – Nochtuithe Cosanta Bliantúla

Cur Síos ar Riosca	Rialuithe Reatha / Gníomhartha Pleanáilte
<p>Líon easnamhach cóireálacha othair eagraithe nó teorainn ar acmhainní laistigh den chóras cúraim sláinte rud is cúis le hothair a bheith ag feitheamh níos faide ná mar a bhí tuartha.</p>	<p>Próisis pleanála seachadta bunaithe.</p> <p>Soláthraíonn monatóireacht ar dhul chun cinn trí CBRO sonraí fórama ar leibhéal othair ar thuarascálacha, rud a chuireann ar chumas CNCC díriú ar ghníomhartha riachtanacha.</p> <p>Dianmhaoirseacht á déanamh ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannacht</p>
<p>Luach ar airgead a fháil nuair a bhíonn caibidlíocht praghsála ar bun nuair a bhíonn seirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán á gceannach.</p>	<p>Cloí le treoirlínte soláthair phoiblí agus próisis iomaíocha soláthair atá oiriúnach.</p> <p>Maoirseacht feidhmiúcháin á déanamh ag iniúchtaí neamhspleácha inmheánacha agus seachtracha ar chórais rialaithe.</p>
<p>Caibidlíocht maidir le praghsanna do Chúram Cónaithe Fadtéarmach mar bhonn le costas iomarcach nó easpa acmhainní.</p>	<p>Maoirseacht agus síniú feidhmiúcháin ar gach caibidlíocht agus gnóthas maidir le praghsanna agus tuarascálacha rialta a chur ar fáil don Bhord agus POF.</p> <p>Cruinnithe agus teagmháil le páirtithe leasmhara gaolmhara go rialta.</p> <p>Critéir foilsithe le haghaidh caibidlíocht lena n-áirítear próiseas achomharc.</p> <p>Athbhreithniú Praghsála CNCC.</p>
<p>Neamh-chomhlíontacht le hoibleagáid rialachais dlí agus chorparáidigh</p>	<p>Comhlíontacht le ceanglais dlí agus rialála. Creat rialachais.</p> <p>Iniúchtaí Inmheánacha.</p> <p>Polasaithe agus nósanna imeachta CNCC a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maoirseacht Feidhmiúcháin agus Boird</p>
<p>An riosca go mbeidh calaois mar bhonn le caillteanas airgeadais.</p>	<p>Tá bainistíocht airgeadais faoi réir próiseas agus rialuithe. Creat próiseas agus rialuithe airgeadais faoi réir iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha bliantúla, maoirseacht feidhmiúcháin agus Boird.</p>

Cur Síos ar Riosca	Rialuithe Reatha / Gníomhartha Pleanáilte
<p>Rioscaí Soláthróra Tríú Páirtí</p>	<p>Próisis bainistíochta conarthaí, feidhmíocht a bheith á monatóiriú ag an bhfeidhmeannacht, tairiscint agus soláthar, athbhreithniú dlíthiúil ar phríomhchonarthaí, saineolas soláthair sheachtraigh.</p> <p>Creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid nuair is féidir.</p>
<p>D'fhéadfadh comhoibriú ó pháirtithe leasmhara nó srianta ar acmhainní an chórais Cúraim sláinte srianta a chur le cumas CNCC a fheidhmeanna a chur i gcrích.</p>	<p>Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara.</p> <p>Cur chuige oscailte fadhbréitigh.</p> <p>Leanúint le rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus FSS - cruinnithe rialta san áireamh.</p>
<p>Próisis chun dearbhú cuí a chur ar fáil chun Cóireálacha Othar a Choimisiúnú.</p>	<p>Ceanglais chonarthaigh, Meabhráin Tuisceana, clár speisialtóirí, cáilíochtaí, creidiúnú, cuairteanna suímh, tuairisciú agus maoirseacht.</p>
<p>Bonneagar TFC gan a bheith ar fáil rud is cúis le deacrachtaí sonraí liostaí feithimh a bhailiú, obair choimisiúnaithe a dhéanamh, obair bhailíochtaí a dhéanamh nó feidhmeanna CNCC a chur i gcrích.</p>	<p>Bonneagar crua-earraí atá iomarcach.</p> <p>Bonneagar cumarsáide cúltaca.</p> <p>Réiteach téarnaimh i gcás tubaiste gnó.</p>

